

Cuntas Leithreasa 2023

Vóta 22

An tSeirbhís Chúirteanna

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 22, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo den mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 le haghaidh tuarastail agus costais de chuid na Seirbhíse Cúirteanna agus na Cúirte Uachtaraí, na Cúirte Achomhairc, na hArd-Chúirte, na Cúirte Coiriúla Speisialta, na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche agus mionseirbhísí áirithe eile nach muirearaítear ar an bPríomhchiste.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna

- arna dheonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2023, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair caiteachais don bhliain, agus
- a soláthraíodh le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitiúil in 2023 as leithreasuithe 2022 nár caitheadh, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Tá barrachas €1.459 milliún faoi dhliteanas géilleadh don Státchiste.

Tá an tSeirbhís á rialú ag Bord ar a bhfuil cathaoirleach agus 17 gcomhalta eile. I gcomhréir leis an Acht um Sheirbhís Chúirteanna 1998, is é téarma oifige an Bhoird trí bliana. Bunaíodh an Bord atá ann faoi láthair ar 9 Samhain 2023. Tá an Bord freagrach as beartais a chinneadh don tSeirbhís agus as maoirseacht a dhéanamh ar a gcur chun feidhme. Comhlíonann sé na feidhmeanna sin go díreach agus trí choistí an Bhoird.

Is cuid den chuntas iad an ráiteas ar bheartais agus prionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas ar bheartais agus prionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha agus na prionsabail chaighdeánacha chun cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an An Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe in imlitir 22 de 2023, i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú.

Rinneadh na saolréanna úsáide agus na rátaí amúchta gaolmhara d'aicmí sócmhainní doláimhsithe a mheas mar a leanas.

<i>Aicme sócmhainní</i>	<i>Saolré úsáide</i>	<i>Ráta amúchta</i>
Ceadúnais bogearraí	5 bliana	20%
Bogearraí faighte/forbartha	10 bliana	10%

Luacháil talún agus foirgneamh

Déantar foirgnimh a luacháil gach cúig bliana ar bhonn costas athsholáthair dímheasta. Is é sin an costas reatha a bhaineann lena sócmhainn choibhéiseach nua-aimseartha a chur in ionad na sócmhainne lúide asbhaint as meath fisiceach agus as gach cineál dífheidhmeachta agus optamaithe ábhartha. Déantar talamh agus foirgnimh nach bhfuil in úsáid ach atá riachtanach d'fhorbairt amach anseo a luacháil ag luach an mhargaidh.

Ráiteas maidir le rialú airgeadais inmheánach***Freagracht as córas rialaithe airgeadais inmheánaigh***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an tSeirbhís Chúirteanna córas éifeachtach maidir le rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na n-oibleagáidí eile atá orm mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcoimirciú, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go bhfuil earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí á gcosc nó go mbraithfí iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an tSeirbhís Chúirteanna agus an Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais, Cill Airne chun seirbhísí comhroinnte airgeadais a sholáthar, agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí párolla a sholáthar.

Braithim ar litreacha dearbhaithe ó na hOifigigh Chuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus ón Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais, Cill Airne go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte don tSeirbhís Chúirteanna.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socrúithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach iomchuí a áirithiú.
- Tá nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe.
- Tá córais ann chun na sócmhainní a chosaint.
- Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ann chun comhairle a chur orm maidir le mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh a chomhlíonadh.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmiligin agus cuntasachta. Áirítear leis sin na heilimintí seo a leanas.

- Tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú.
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí.
- Feidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den tSeirbhís Chúirteanna.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a áirithiú.
- Is ann do threoirínte iomchuí maidir le hinfheistíocht chaipitil a rialú agus do dhisciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ag an tSeirbhís Chúirteanna ar fochoiste é de Bhord na Seirbhíse Cúirteanna. Is é ról an Choiste maoirseacht, comhairle agus tacaíocht a thabhairt don Bhord agus don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin/Oifigeach Cuntasaíochta trí athbhreithniú a dhéanamh ar na dearbhuithe ar réimse ábhar lena n-áirítear sláine rialuithe inmheánacha airgeadais, bainistíocht riosca agus ráitis airgeadais. Feidhmíonn an Coiste faoi chairt scríofa agus tuairiscíonn sé do Bhord na Seirbhíse Cúirteanna. Déanann sí clár oibre bliantúil na hiniúcháireachta inmheánaí a athbhreithniú agus a fhorpheas freisin.

An Coiste Airgeadais

Tá Coiste Airgeadais ag an tSeirbhís Chúirteanna ar fochoiste de Bhord na Seirbhíse Cúirteanna é. Is é ról an Choiste maoirseacht agus grinnscrúdú a dhéanamh ar chúrsaí airgeadais na Seirbhíse Cúirteanna thar ceann an Bhoird. Tugann an Bord údarás don Choiste aon ghníomhaíocht laistigh dá théarmaí tagartha a imscrúdú agus dualgais fhorordaithe a chomhlíonadh thar ceann an Bhoird agus an Oifig Chuntasaíochta de réir mar is cuí. Áirítear orthu sin an buiséad bliantúil a fhorpheas agus faireachán a dhéanamh air, conarthaí os cionn tairseacha sonraithe a fhorpheas, luach ar airgead agus rioscaí airgeadais. Tá an Coiste freagrach freisin as athbhreithniú a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa bliantúil.

Iniúchadh Inmheánach

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an tSeirbhís Chúirteanna le pearsanra cuí-oilte, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa ag Bord na Seirbhíse Cúirteanna. Tá a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais agus oibriúcháin a bhfuil an tSeirbhís nochtá dóibh, agus tá a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna gceadú agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Is é is aidhm do na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanann mé féin agus an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca athbhreithniú tréimhsiúil ar fheidhm na hiniúcháireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a áirithiú go ndéanfar obair leantach ar thuarascálacha fheidhm na hiniúcháireachta inmheánaí.

Soláthar

Cinntíonn an tSeirbhís Chúirteanna go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas soláthair agus gach conradh á ndámhachtain agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir. B'ionann caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí, lena n-áirítear costas na foirne ar conradh, agus €107.334 milliún san iomlán in 2023.

Tá sonraí curtha ar fáil ag an tSeirbhís Chúirteanna don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus don An Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe maidir le 23 conradh neamhiomaíoch de bhreis ar €25,000 sa tuairisceán bliantúil i ndáil le ciorclán 40/2002.

Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair

Chloígh an tSeirbhís Chúirteanna leis na treoirlínte ach amháin gur tugadh faoi 10 gconradh de bhreis ar €25,000 (gan CBL san áireamh) gan phróiseas iomaíoch, ar luach iomlán €2.569 milliún (gan CBL san áireamh) mar atá leagtha amach thíos.

- Conradh amháin ar luach €1,694,284 a bhaineann le seirbhísí ateangaireachta. Níorbh fhéidir an conradh sin a aththairiscint níos luaithe toisc go bhfuil creat OGP faoi réir agóidí dlíthiúla. Síníodh conradh nua i mí na Samhna 2023.
- Dhá chás le luach €362,369 le haghaidh seirbhísí a bhaineann leis an Acht Fíneálacha (Íoc agus Aisghabháil), 2014, tar éis don chonradh bunaidh dul in éag. Tá an tSeirbhís Chúirteanna ag fanacht le moltaí ó ghrúpa oibre de chuid na Roinne Dlí agus Cirt maidir leis an bpróiseas a bheidh ann amach anseo chun fíneálacha a íoc.
- Conradh amháin le luach €187,479 a bhaineann le soláthar agus suiteáil troscáin nach bhfuil ar fáil go héasca ó chreataí reatha. Dámhadh an conradh seo tar éis soláthar a bhí comhlíontach faoi bhun na tairisí agus cuireadh síneadh leis chun oibreacha tosaíochta breise a chur i gcrích. Tá sonraíocht á dréachtú faoi láthair do Sholáthar agus do Shuiteáil na n-ítimí sin amach anseo i R1 2024.
- Dhá chonradh ar luach €110,447 a bhaineann le comhairle dlí a chur ar fáil agus seirbhísí dréachtaithe agus dlí a chur ar fáil do Rialacha na Cúirte. Tá na Doiciméid Tairisceana in éineacht leis an OGP lena bhfoilsíú.
- Sampla amháin le luach €110,201 do chostais seirbhísí teileafónaíochta, is socrú oidhreachta é seo a bhí ann sular bunaíodh an tSeirbhís Chúirteanna. Táthar ag féachaint ar réitigh mhalartacha chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar sin.
- Sampla amháin le luach €40,091 chun meaisíní frainceála atá imithe i léig a athsholáthar agus tomhaltáin a cheannach. Tá conradh i bhfeidhm anois.
- Sampla amháin dar luach €34,443 chun béilí a sholáthar do Ghiúiréithe agus do sheirbhísí lónadóireachta. Bhí suíonna breise Giúiré ann in 2023 chun déileáil le riaráiste cásanna. Tá soláthar le haghaidh seirbhísí lónadóireachta beartaithe do 2024.
- Sampla amháin le luach €29,849 ar chostais a bhaineann le slándáil / bainistíocht coise a sholáthar do Réigiún Lár na Tíre Thuaidh agus an Iarthair. Tá conradh i bhfeidhm anois le haghaidh na seirbhísí sin.

Cuireadh na conarthaí thuas san áireamh sa tuairisceán bliantúil 40/2002 dá dtagraítear thuas.

Rialachas

Tá dea-rialachas bunúsach d'oibriú éifeachtach na Seirbhíse. Leagtar amach i *gCreat Rialachais Chomparáidigh* na Seirbhíse Cúirteanna an bonn reachtúil ina n-oibrímid, lena n-áirítear na socrúithe rialachais atá i bhfeidhm, feidhmeanna agus struchtúr eagraíochtúil, cuntasacht agus socrúithe dearbhaithe iniúchóireachta. Foilsíodh an creat sin in 2016 agus tugadh cothrom le dáta é i mí Feabhra 2023. Tá comhaontú maoirseachta i bhfeidhm ag an tSeirbhís Chúirteanna leis an Roinn Dlí agus Cirt freisin.

Léirítear agus forbraítear an *Creat Rialachais* i gcomhthéacs chreat reachtach na Seirbhíse Cúirteanna faoin Acht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998, anuas ar an *gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit*, forbairtí i *bPlean Athnuachana na Státseirbhíse* agus *Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse*.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an tSeirbhís a shaináithníonn agus a thuiriscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí corparáideacha i bhfeidhm ina saináithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Seirbhíse agus rinneadh iad sin a shaináithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Fhoireann Ardbhainistíochta agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú gach ráithe. Is buanmhír í an bhainistíocht riosca do Bhord na Seirbhíse Cúirteanna agus tuairiscíonn an Príomhoifigeach Riosca don Bhord ar oibríochtaí na bainistíochta riosca. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a áirithiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí sainaitheanta a mhaolú agus sanntar freagracht do bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú.

Faireachán agus athbhreithniú leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe, agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don FBS, i gcás inarb ábhartha, ar bhonn tráthúil. Dearbhaím gur saináithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a saináithníodh a thuirisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta ag an tSeirbhís chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den tSeirbhís atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Níor sainaithníodh aon laige sa rialú airgeadais inmheánach i ndáil le 2023 a éilíonn nochtadh sa chuntas leithreasa, nó a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh air nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh air.

Déanann an tSeirbhís athbhreithniú agus cur chun feidhme leanúnach ar mholtaí a eascraíonn as an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus as iniúchadh inmheánach chun an timpeallacht rialaithe a neartú, go háirithe i réimsí an tsoláthair agus na bainistíochta conarthaí, na bainistíochta taifead agus na slándála agus an bhonneagair TFC. Is próiseas leanúnach agus an córas é seo, agus déantar athbhreithniú leanúnach ar a éifeachtacht.

Angela Denning

Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís Chúirteanna

20 Meán Fómhair 2024

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Theaghlachas an Uachtaráin agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eitiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscim orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais go raibh cásanna ábhartha neamhchomhlíontachta leis na rialacha soláthair i leith rionnt conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2023.

Seamus Mac Cárthaigh

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

23 Mean Fomhair 2024

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigeach Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíríteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinnim sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaitníim agus measúnaím rioscaí an mhírítis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; deairim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaitníim le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nár bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíríc sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaitníim aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidilí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í

Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna

Cuntas Leithreasa 2023

		2023		2022
		Foráil mheastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas cláir				
A	Na cúirteanna a bhainistiú agus tacú leis na breithiúna			
	<i>Bunaidh</i>	179,593		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	1,850		
	<i>Forlíontach</i>	2,081		
			183,524	183,500
				163,564
Ollchaiteachas		183,524	183,500	163,564
	<i>Asbhain</i>			
B	Leithreasuithe i gcabhair			
	<i>Bunaidh</i>	34,633		
	<i>Forlíontach</i>	2,080		
			36,713	38,148
				35,836
Glanchaiteachas				
	<i>Bunaidh</i>	144,960		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	1,850		
	<i>Forlíontach</i>	1		
			146,811	145,352
				127,728

Barrachas

Tá an barrachas den mhéid a sholáthraítear thar an nglanmhéid a chuirtear i bhfeidhm faoi dhliteanas a ghéilleadh don Stáitchiste.

	2023	2022
	€	€
Barrachas	1,458,888	5,254,040
Géilleadh iarchurtha	—	(1,850,000)
Barrachas atá le géilleadh	1,458,888	3,404,040

Angela Denning
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís Chúirteanna

20 Meán Fómhair 2024

Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas maidir le Costas Oibriúcháin 2023

	2023	2022
	€000	€000
Costas cláir	48,649	43,853
Pá	70,338	62,952
Neamhphá	64,513	56,759
Ollchaiteachas	183,500	163,564
<i>Asbhain</i>		
Leithreasuithe i gcabhair	38,148	35,836
Glanchaiteachas	145,352	127,728
Athruithe ar shócmhainní caipitiúla		
<i>Maoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)</i>		
Ceannacháin	(5,258)	
Dímheas	10,020	
<i>Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)</i>		
Ceannacháin	(2,180)	
Amúchadh	2,299	
	4,881	5,481
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
Laghdú ar fhardail	488	
Méadú ar réamhíocaíochtaí	(1,430)	
Laghdú ar ioncam fabhraithe	223	
Méadú ar speansais fhabhraithe	2,305	
	1,586	(427)
Caiteachas díreach	151,819	132,782
Caiteachas ginte in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	71,213	34,016
Cíosanna barúlacha ^a	3,605	3,605
Glanhostas cláir	226,637	170,403

Nóta ^a Cíosanna barúlacha d'fhoirgnimh faoi úinéireacht Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) atá áitithe ag an tSeirbhís Chúirteanna.

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá glanmhéid an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas i ndáil le Vóta 22 atá le híoc in áit eile.

		2023	2022
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	214	270
Vóta 12	Aoisliúntais agus Liúntais Scoir	19,314	20,263
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,572	721
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	144	132
Vóta 20	An Garda Síochána	233	224
Vóta 24	Ceartas – Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais	408	341
Vótá 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	129	—
An Príomhchiste – Tuarastail bhreithiúnacha agus pinsin ^a		<u>49,199</u>	<u>12,065</u>
		<u>71,213</u>	<u>34,016</u>

Nóta ^a Áirítear tuarastail bhreithiúnacha agus pinsin araon sa Phríomhchiste – Tuarastail bhreithiúnacha agus pinsin le haghaidh 2023. Ní léirítear tuarastail bhreithiúnacha i méid 2022.

Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais mar a bhí ar 31 Nollaig 2023

	Nóta	2023 €000	2022 €000
Sócmhainní Seasta			
Maoin, gléasra agus trealamh	2.1	336,794	345,313
Sócmhainní doláimhsithe	2.2	6,039	6,158
Iomlán na sócmhainní seasta		342,833	351,471
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	(398)	3,802
Fardail	2.4	—	488
Réamhíocaíochtaí	2.5	4,642	3,212
Ioncam fabhraithe	2.6	652	875
Iarmhéideanna dochair eile	2.7	3,568	2,726
Sócmhainní iomlána reatha		8,464	11,103
Lúide dliteanas reatha			
Speansais fhabhraithe	2.8	4,105	2,245
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.9	2,621	4,820
Glanmhaoiniú Stáitchiste	2.10	549	1,708
Dlíteanais iomlána reatha		7,275	8,773
Glansócmhainní reatha		1,189	2,330
Glansócmhainní		344,022	353,801
Arna ionadú ag:			
Cuntas cistiúcháin an Stáit	2.11	344,022	353,801

2.1 Maoin, gléasra agus trealamh ^a

	Foirgnimh <small>b,c</small>	Trealamh oifige agus TF ^a	Troscán agus feistis	Sócmhainní atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000
Costas nó luacháil					
Ar 1 Eanáir 2023	424,575	52,739	30,908	3,418	511,640
Breiseanna	1,403	595	45	2,770	4,813
Athluachálacha	(4,862)	—	—	—	(4,862)
Curtha in úsáid	581	—	—	(581)	—
Díúscairtí	—	(2)	—	—	(2)
Ar 31 Nollaig 2023	421,697	53,332	30,953	5,607	511,589
Dímheas carnach					
Ar 1 Eanáir 2023	87,081	48,752	30,494	—	166,327
Dímheas don bhliain	8,387	1,508	125	—	10,020
Dímheas ar athluachálacha	(1,550)	—	—	—	(1,550)
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(2)	—	—	(2)
Ar 31 Nollaig 2023	93,918	50,258	30,619	—	174,795
Glansócmhainní					
Ar 31 Nollaig 2023	327,779	3,074	334	5,607	336,794
Ar 31 Nollaig 2022	337,494	3,987	414	3,418	345,313

- Nóta ^a Ar 1 Eanáir 2023, rinneadh sócmhainní bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh a athaicmiú go sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)
- ^b Forálann Alt 26 den Acht um Sheirbhís Chúirteanna 1998 go n-aistrefar teideal dlí chuig an tSeirbhís Chúirteanna maidir le talamh agus foirgnimh áirithe.
- ^c Tá 44 foirgneamh agus sé láithreán faoi úinéireacht na Seirbhíse Cúirteanna faoi láthair. Rinneadh luacháil ar na maoin go léir agus léirítear iad sa tábla thuas. As an 50 foirgneamh/láithreán, tá luachálacha ag 35 acu le cúig bliana anuas, luacháladh 14 acu seacht mbliana nó níos mó ó shin agus is ceannach 2023 ceann amháin acu. Tá dhá cheann de na maoin a bhfuil luachálacha níos sine acu á n-aistriú chuig údaráis áitiúla, agus tá 12 acu le hathluacháil in 2024.

2.2 Sócmhainní doláimhsithe ^a

	Bogearraí faighte agus forbartha	Sócmhainní atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000
Costas nó luacháil			
Ar 1 Eanáir 2023	10,596	2,036	12,632
Breiseanna	89	2,091	2,180
Curtha in úsáid	1,977	(1,977)	—
Ar 31 Nollaig 2023	12,662	2,150	14,812
Amúchadh carnach			
Ar 1 Eanáir 2023	6,474	—	6,474
Amúchadh don bhliain.	2,299	—	2,299
Ar 31 Nollaig 2023	8,773	—	8,773
Glansócmhainní Ar 31 Nollaig 2023	3,889	2,150	6,039
Ar 31 Nollaig 2022	4,122	2,036	6,158

Nóta ^a Ar 1 Eanáir 2023, rinneadh sócmhainní bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh a athaicmiú ó mhaoin, ó ghléasra agus ó threalamh.

2.3 Banc agus airgead tirim

ar 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
iarmhéideanna PMG agus airgead tirim	(2,535)	1,993
iarmhéid cuntas bainc tráchtála ^a	2,137	1,809
	(398)	3,802

Nóta ^a Déanann sé ionadaíocht ar iarmhéideanna na gcuntas bainc a bhaineann leis an Státchiste atá i seilbh na Seirbhíse Cúirteanna an 31 Nollaig gach bliain.
Suim ar leithligh €13.942 milliún (2022: €10.935 milliún) san áireamh in iarmhéid an chuntais. Is éard atá i gceist leis seo go príomha ná maoiniú neamh-Státchiste a bhaineann le lóisteálacha íocaíochtaí cothabhála faoin dlí teaghlaigh, lóisteálacha airgid bannaí agus admhálacha bosca bochta cúirte.

2.4 Fardail

ar 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Stáiseanóireacht	—	134
Tomhaltáin TF	—	342
Nithe Ilghnéitheacha	—	12
	—	488

Nóta ^a Ag tosú in 2023, caitear go hiomlán le hítimí ardoirte ar luach íseal sa bhliain, agus ní aicmítear mar ítimí stoic iad a thuilleadh.

2.5 Réamhíocaíochtaí

ar 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
A.2 Riarachán – neamhphá	4,434	2,674
A.3 Teach Cúirte (oibreacha caipitiúla)	208	538
	4,642	3,212

2.6 Ioncam fabhraithe

ar 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Táillí	650	873
Nithe Ilghnéitheacha	2	2
	652	875

2.7 Iarmhéideanna dochair eile

ar 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Réamhíocaíochtaí chuig an OPW	3,311	2,504
Forchúiteamh tuarastail	74	48
Míreanna fionraí dochair eile	145	138
Óinchestí	38	36
	3,568	2,726

2.8 Speansais fhabhraithe

ar 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
A.2 Riarachán – neamhphá	4,105	2,235
A.3 Teach Cúirte (oibreacha caipitiúla)	—	10
	4,105	2,245

2.9 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ar 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Méideanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	1,046	996
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	132	200
Cáin bhreisluacha	177	95
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	642	603
Fíneálacha	3	836
Cistí le géilleadh don Státchiste ^a	353	1,809
	2,353	4,539
Asbhaintí párolla arna gcoinneáil ar fionraí	267	280
Míreanna fionraí creidmheasa eile	1	1
	2,621	4,820

Nóta ^a Léiríonn an t-iarmhéid seo iarmhéideanna na gcuntas bainc a bhaineann leis an Státchiste atá i seilbh na Seirbhíse Cúirteanna ar 31 Nollaig gach bliain.

2.10 Glanmhaoiniú Státchiste

ar 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Barrachas atá le géilleadh	1,459	3,404
Géilleadh iarchurtha	—	1,850
Deontas neamhtharraingthe an Státchiste	(910)	(3,546)
Glanmhaoiniú Státchiste	549	1,708
Arna ionadú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	(398)	3,802
larmhéideanna dochair: fionraí	3,568	2,726
	3,170	6,528
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(2,353)	(4,539)
larmhéideanna creidmheasa: fionraí	(268)	(281)
	(2,621)	(4,820)
	549	1,708

2.11 Cuntas cistiúcháin stáit

	Nóta	2023	2022
		€000	€000
larmhéid ar 1 Eanáir		353,801	346,160
Eisíocaíochtaí ón Vótáil			
Foráil mheastacháin	Cuntas	146,811	
Barrachas atá le géilleadh	Cuntas	(1,459)	
Glanvótáil		145,352	127,728
Caiteachas (airgead tirim) ginte in áit eile	1.1	71,213	34,016
Ítimí neamhairgid			
Cíos barúlach	1	3,605	3,605
Athluachálacha		(3,312)	12,698
Eile		—	(3)
Glanchostas cláir	1	(226,637)	(170,403)
larmhéid ar 31 Nollaig		344,022	353,801

2.12 Ceangaltais

a) Ceangaltais dhomhanda	2023	2022
ar 31 Nollaig	€000	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí		
Earraí agus seirbhísí eile ^a	29,955	23,361
TFC	44,216	46,107
Léasanna	25,743	26,722
Athchóiriú ar theach cúirte sealadach Ros Comáin ^b	—	1,068
Athchóiriú ar theach cúirte Shráid Washington ^c	—	4,021
Tionscadail chomhpháirtíochta príobháidí poiblí	577,230	608,672
Líon iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	677,144	709,951

Nóta ^a Is é is cúis leis an méadú ar earraí agus ceangaltais eile in 2023 go ndearna an tSeirbhís 13 chonradh nua lena n-áirítear ateangaireacht, tras-scríbhinní Taifeadta Fuaimne Digití agus seirbhísí slándála i measc nithe eile.

^b Baineann an ceangaltas seo le haisíocaíochtaí chun an teach cúirte sealadach i Ros Comáin a athchóiriú. Thángthas ar chomhaontú in 2023 leis an soláthróir chun an t-iarmhéid gan íoc a aisíoc.

^c Baineann an ceangaltas seo le haisíocaíochtaí atá dlite do Chomhairle Cathrach Chorcaí maidir le hiasacht a thóg an Chomhairle amach chun athchóiriú theach na cúirte ag Sráid Washington, Corcaigh, a mhaoiniú. Socraíodh an iasacht go hiomlán in 2023.

b) Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla

Tionscadal	Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2022	Caiteachas in 2023	Ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin	Saolré iomlán measta an tionscadail 2023	Saolré iomlán measta an tionscadail 2022
	€000	€000	€000	€000	€000
Athchóiriú Theach Cúirte Chorcaí	21,325	3,675	—	25,000	25,000
	21,325	3,675	—	25,000	25,000

c) Costas caipitil tionscadal comhpháirtíochta príobháidí poiblí

Tionscadail	Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2022	Caiteachas in 2023	Ceangaltais atá infhorfheidhmithe le dlí agus atá le comhlíonadh sna blianta ina dhiaidh sin	Iomlán an tionscadail 2023	Iomlán an tionscadail 2022
	€000	€000	€000	€000	€000
Coimpléasc na gCúirteanna Coiriúla	299,993	22,470	281,107	603,570	598,247
Cuach CPP	100,622	14,744	296,123	411,489	411,040
	400,615	37,214	577,230	1,015,059	1,009,287

Éagsúlachtaí suntasacha

Tugtar míniú thíos i gcás inar tháinig athrú níos mó ná €500,000 ar cheangaltais ilbhliantúla ó 2022 go 2023.

Coimpléasc na gCúirteanna Coiriúla

Méadú ar an gcaiteachas iomlán réamh-mheasta: €5.323 milliún

Is é nuashonrú an bhoilscithe don bhliain reatha is cúis leis an bpríomhghluaiseacht i gcostais iomlána an tionscadail, rud a mbeidh tionchar aige freisin ar na blianta amach anseo.

2.13 Dlíteanas aibí

Ní raibh aon dlíteanas aibí ann nár urscaoileadh ag deireadh na bliana (2022: náid)

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos ar áireamh i gClár A chun costálacha iomlána an chláir a chur i láthair.

		2023		2022
		Foráil mheastacháin €000	Toradh €000	Toradh €000
i	Tuarastail, pá agus liúntais			
	<i>Bunaidh</i>	69,439		
	<i>Forlíontach</i>	<u>1,200</u>		
		70,639	70,338	62,952
ii	Taisteal agus cothú			
	<i>Bunaidh</i>	3,242		
	<i>Forlíontach</i>	<u>600</u>		
		3,842	3,541	3,027
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha			
	<i>Bunaidh</i>	14,480		
	<i>Forlíontach</i>	<u>1,160</u>		
		15,640	16,373	13,493
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide			
	<i>Bunaidh</i>	3,353		
	<i>Forlíontach</i>	<u>(450)</u>		
		2,903	3,242	3,451
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha			
	<i>Bunaidh</i>	17,244		
	<i>Forlíontach</i>	<u>4,910</u>		
		22,154	22,071	18,850
vi	Costais áitribh oifige			
	<i>Bunaidh</i>	21,456		
	<i>Forlíontach</i>	<u>(639)</u>		
		20,817	19,082	17,806
vii	Seirbhísí comhairleachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartais			
	<i>Bunaidh</i>	100		
	<i>Forlíontach</i>	<u>150</u>		
		250	204	132
		<u>136,245</u>	<u>134,851</u>	<u>119,711</u>

Éagsúlachtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa nóta seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus leagtar amach na cúiseanna le héagsúlachtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha

Foráil mheastacháin: €17.244 milliún: toradh: €22.071 milliún.

Tháinig méadú €4.827 milliún ar chaiteachas mar gheall ar an infheistíocht mhéadaithe i nuachóiriú TFC, rud a mhéadaigh líon na seomraí cúirte atá cumasaithe don teicneolaíocht agus a chuir tuilleadh seirbhísí ar líne ar fáil mar chuid den chlár nuachóirithe. Bhí sé seo sa bhreis ar thús a chur le socrú r-Phrobháide a fhorbairt mar chuid de thionscnamh an *Rialtais Tithíocht do Chách*.

vii Comhairleacht agus seirbhísí eile

Foráil mheastacháin: €100,000: toradh: €204,000

Tharla an róchaiteachas de €104,000 mar gheall ar chaiteachas a tabhaíodh mar chuid den tairiscint bainistíochta infheistíochta, nár cuireadh san áireamh sa bhuiséad bunaidh.

Clár A Na Cúirteanna a bhainistiú agus Tacú leis na Breithiúna

		2023		2022
		Foráil mheastacháin		Toradh
		€000	€000	€000
				Toradh
				€000
A.1	Riarachán – pá			
	<i>Bunaidh</i>	69,439		
	<i>Forlíontach</i>	1,200		
			70,639	62,952
A.2	Riarachán – neamhphá			
	<i>Bunaidh</i>	59,875		
	<i>Forlíontach</i>	5,731		
			65,606	56,759
A.3	Teach cúirte (oibreacha caipitiúla)			
	<i>Bunaidh</i>	11,539		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	1,850		
	<i>Forlíontach</i>	(3,350)		
			10,039	6,837
A.4	Costais CPP			
	<i>Bunaidh</i>	38,740		
	<i>Forlíontach</i>	(1,500)		
			37,240	37,016
			183,524	183,500
				163,564

Éagsúlachtaí suntasacha

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha (+/-5% agus €100,000).

A.3 Teach cúirte (oibreacha caipitiúla)

Foráil mheastacháin: €13.389 milliún; toradh: €11.435 milliún.

Tharla an tearc-chaitheamh €1.954 milliún mar gheall ar mhoilleanna i ndá thionscadal mórluacha: tionscadail Threo-Aimsitheoir na gCúirteanna Teaghlaigh agus na hInbhuanaitheachta i mBaile Átha Cliath a rabhthas ag súil go gcuirfí tús leo in 2023 ach a thit chun deiridh de réir an sceidil.

Nóta 4 Admhálacha

4.1 Leithreasuithe i gcabhair

		2023		2022
		Measta €000	Réadaithe €000	Réadaithe €000
1	Táillí			
	<i>Bunaidh</i>	31,693		
	<i>Forlíontach</i>	2,100		
			33,793	33,476
2	Nithe Ilghnéitheacha			
	<i>Bunaidh</i>	1,442		
	<i>Forlíontach</i>	(330)		
			1,112	694
3	Fáltais ó ranníocaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí			
	<i>Bunaidh</i>	1,498		
	<i>Forlíontach</i>	310		
			1,808	1,666
	Iomlán		36,713	35,836

Éagsúlachtaí suntasacha

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i gceannteidil leithreasuithe i gcabhair aonair (+/-5% agus €100,000).

1 Táillí

Meastachán €31.693 milliún; réadaithe €34.164 milliún

Bhí fáltais táille 2023 níos airde ná an meastachán bunaidh de €2.471 milliún (8%) go príomha mar gheall ar mhéadú ar líon na n-iarratas ar cheadúnú.

2 Nithe Ilghnéitheacha

Meastachán €1.442 milliún; réadaithe €2.209 milliún

Bhí na fáltais bhreise de €767,000 dlite go príomha d'admhálacha ón Roinn Coimirce Sóisialaí, a bhain le blianta roimhe seo, nár aithníodh sa bhliain ábhartha.

3 Fáltais ó ranníocaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí

Meastachán: €1.498 milliún, réadaithe: €1.775 milliún

Bhí fáltais 2023 níos airde ná an meastachán bunaidh de €277,000 (18%) mar gheall ar an méadú ar líon na foirne.

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Stáitchiste

	2023	2022
	€000	€000
Iarmhéid ar 1 Eanáir	—	—
Fíneálacha an Achta um Thrácht ar Bhóithre ^a	4,807	5,593
Fíneálacha eile ^a	2,824	3,783
Aisíocaíochtaí ^b	(11)	(26)
Admhálacha eile ^c	526	691
Aistrithe chuig an Stáitchiste	(8,146)	(10,041)
Iarmhéid ar 31 Nollaig	—	—

- Nóta ^a Tá an laghdú ar fhíneálacha an Achta um Thrácht ar Bhóithre agus fíneálacha eile mar gheall ar chúiteamh na gcostas a tabhaíodh in 2022, a bhaineann leis an Acht Fíneálacha, nár aisíocadh go dtí 2023, le luach iomlán de €650,000 sa bhreis ar chostais a aisíocadh in 2023 de €680,000.
- ^b Baineann aisíocaíochtaí le haisíocaíochtaí fíneálacha mar gheall ar achomhairc rathúla.
- ^c Sealbhaíonn Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Díl agus Cirt cistí ó Chuntas Leachtaithe na gCuideachtaí ar feadh seacht mbliana sula mbíonn siad dlite lena n-íoc leis an Roinn Airgeadais. Baineann fáltais 2023 a thuairiscítear thuas le cistí a taisceadh in 2016. Is é €5.393 milliún iarmhéid na gcistí sin amhail an 31 Nollaig 2023.

4.3 Fíneálacha agus táillí bailithe thar ceann Ranna eile

Rinneadh fócaíochtaí díreacha leis na ranna/gníomhaireachtaí rialtais seo a leanas i leith fíneálacha agus táillí a bhailigh an tSeirbhís Chúirteanna thar a gceann in 2023.

	2023	2022
	€000	€000
Iarmhéid ar 1 Eanáir	—	—
Na Coimisinéirí Ioncaim		
Fíneálacha ó na Coimisinéirí Ioncaim ^a	528	556
Dleacht mháil ^b	2,375	2,380
An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide	38	29
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	11	—
Iomlán aistrithe	(2,952)	(2,965)
Iarmhéid ar 31 Nollaig	—	—

- Nótaí ^a Baineann airgead a bhailítear le fíneálacha cúirte a gheartar nuair is iad na Coimisinéirí Ioncaim an t-ionchúisitheoir
- ^b Baineann airgead a bhailítear le táillí d'iarraitais cheadúnaithe áirithe amhail síneadh ar uaireanta oscailte agus orduithe díolúine speisialta a fhaigheann an tSeirbhís Chúirteanna thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2023	2022
Líon na mball foirne ag deireadh na bliana	1,269	1,224

5.2 Pá

	2023	2022
	€000	€000
Pá	63,067	56,771
Liúntais do dhualgais níos airde, speisialta nó bhreise	662	315
Liúntais eile	791	809
Ragobair	298	311
ÁSPC fostóra	5,520	4,746
Pá iomlán	70,338	62,952

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon faighteoirí	Faighteoirí €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2023	2022
			€	€
Liúntais do dhualgais níos airde, speisialta nó bhreise	187	10	78,080	25,868
Liúntais eile	203	11	23,501	22,782
Ragobair	141	10	30,955	31,589
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	84	17	35,585	35,555

5.4 Foireann na Seirbhíse Cúirteanna de réir banda pá

Líon na bhfostaithe sa tSeirbhís Chúirteanna a bhfuil a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan ÁSPC fostóra ná costais phinsin fostóra a áireamh) don bhliain airgeadais, thit sé idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000 suas tá siad seo a leanas.

Bandaí pá (€)		Líon na bhfostaithe	
Ó	Chuig	2023	2022
20,000	59,999	937	866
60,000	69,999	63	65
70,000	79,999	86	61
80,000	89,999	48	41
90,000	99,999	34	36
100,000	109,999	17	14
110,000	119,999	8	5
120,000	129,999	3	1
130,000	139,999	—	3
140,000	149,999	2	1
150,000	159,999	11	12
160,000	169,999	3	4
170,000	179,999	4	1
180,000	189,999	—	—
190,000	199,999	—	—
200,000	209,999	1	—
210,000	219,999	—	1
220,000	229,999	1	—

5.5 Socruithe luacha saothair eile

Ní raibh aon fhoireann ar iasacht ón tSeirbhís Chúirteanna in 2023.

Rinneadh seisear státseirbhíseach a bhí ar scor agus a raibh pinsean státseirbhíse á fháil acu a athfhostú ar bhonn táille ar chostas iomlán €49,093. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail Acht na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

5.6 Ró-íocaíochtaí tuarastail

ar 31 Nollaig	Líon faighteoirí	2023 €	2022 €
Ró-íocaíochtaí	110	319,497	260,298
Pleananna téarnaimh i bhfeidhm	40	137,256	49,711

5.7 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Chuntasaíochta

Is mar seo a leanas a bhí luach saothair agus sochair incháinite an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais.

	2023 €000	2022 €000
Bunphá	<u>227</u>	<u>212</u>

Ní áirítear thuas luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina bhall de scéim aoisliúntais iar-1995 do státseirbhísigh bhunaithe agus ní théann a teidlíochtaí ar shochair scoir thar théarmaí caighdeánacha na scéime sin.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Cúiteamh agus costais dlí

Íocaíochtaí/costais a d'íoc an tSeirbhís Chúirteanna sa bhliain

	Éilimh ó				2023 Iomlán	2022 Iomlán
	Fostaithe		Daoine den phobal			
	Díobháil phearsan ta	Eile	Díobháil phearsant a	Eile		
Líon na gcásanna	7	7	4	19	37	46
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Costais dlí na Seirbhíse Cúirte féin	—	77	—	55	132	233
Íocaíochtaí ó/thar ceann na Seirbhíse Cúirteanna						
Cúiteamh	—	—	—	46	46	71
Costais dlí	17	9	40	296	362	460
Iomlán 2023	17	86	40	397	540	764
Iomlán 2022	1	133	57	573	764	

Costais charnacha na gcásanna a tugadh chun críche in 2023

	Éilimh ó				Iomlán
	fhostaithe		dhaoine den phobal		
	Díobhálacha Pearsanta	Eile	Díobhálacha Pearsanta	Eile	
Líon na gcásanna	—	1	1	3	4
	€000	€000	€000	€000	€000
Costais dlí na Seirbhíse Cúirte féin	—	52	—	23	75
Íocaíochtaí ó/thar ceann na Seirbhíse Cúirteanna					
Cúiteamh	—	—	—	3	3
Costais dlí	—	—	23	304	327
Iomlán 2023	—	52	23	330	405

6.2 Calaois agus calaois amhrasta

Níl aon chás calaoise ná calaoise amhrasta ag an tSeirbhís Chúirteanna in 2023.

6.3 Ús ar íocaíocht phras

Ba é €20,106 méid an úis ar íocaíocht phras agus an chúitimh a tabhaíodh in 2023.